TEACH SAOR

‘Téach soar ! ‘ Samhlaigh é ! Sceitmíní ar mo chairde. Cóisir faoi dheireadh i mo theach féin. Mé i gcumhacht i measc mo chairde . Bhí atmaisféar spleodrach sa teach. Bhí mo chairde ag canadh agus ag damhsa. Ní raibh mo thuismitheoirí i mo theach an lá sin mar bhí said i nGallimh lena gcairde féin .

Bhí a lan daoine i mo theach. Bhí mo sheomra suí dubh le daoine. Cóisir an-mhaith ar fad a bhí ann! Tar éis tamaill bhí daoine scaipthe ar fud na háite. Bhí an ceol ro-ghlórach agus bhí a lán daoine ar meisce. Bhí eagla an domhain orm mar bhí beirt dhéagóir ag troid ar an úrlár i mo sheomra suí. Mo chara Seán a bhí ag troid le déagóir eile nár aithin mé. Thug buachaill buille do Sheán agus scréad mé in ard mo chinn is mo ghutha. Bhí imní an domhain orm mar bhí praiseach i ngach áit. Nuair a chonaic mé mo chistin ba bheag nár thit mé i mo laige. Bhí buideal alcóil ar an urlár agus bhí duine amháin gan aithne gan urlabhra ina luí ina chnap. Go tobann chuala mé cnag ar mo dhoras. Bhí mo chomharsana ansin agus bhí fearg orthu. Dúirt mo chomharsana “Beidh na gardaí ag teacht anois !!!” agus shiúil sé abhaile.

Bhí buairt agus frustrachas orm agus tar éis deich nóimead shroich na gardaí mo theach. Gan thuilleadh moille , rith gach duine amach as mo theach. Ghlaoigh na gardaí ar mo thuismitheoirí. ‘Mharódh mo thuistí me gan aon agó’ a cheap mé. Bhí mé ag caint le mo Mham agus bhí mé i bponc. Phléasc me amach ag caoineadh mar bhí an-bhrón orm . Ghlan mé mo thech agus ansin chuaigh me go dtí mo leaba agus thit mé i mo chodladh tar éis dhá uair ag caoineadh. Sin é mo scéal creid é nó ná creid . Fanfaidh an lá sin i mo chuimhne go deo .

Le Mark Ó hIcí